Scéalta ó thar lear

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal ó thar lear. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Pléigí an méid atá ar eolas agaibh faoin dá scéal sula bhféachfaidh sibh ar an mír. Féachaigí ar na pictiúir thíos chun cuidiú libh:



Ceist 2 Féach ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

Aireacht Cosanta	_____
sibhialtaigh	_____
sáinnithe	_____
monarcha cruach	_____
cosmhuintir	_____
céile comhraic	_____
cumhacht	_____
an tráth seo	_____
an eite chlé	_____
an tromlach	_____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cá bhfuil sibhialtaigh na hÚcráine sáinnithe? Cén fáth a bhfuil siad ansin?
2. Cad a deir Aireacht Cosanta na Rúise faoin scéal?
3. Cad a dúirt Anthony Blinken agus é i gCív?
4. Cad atá eite chlé na Fraince ag iarraidh?

Ceist 4 Féach ar an tuairisc den tríú huair. Dún do shúile agus éist go cúramach léi. Ansin, déan cur síos, i d'fhocail féin, don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Cad a shíl tú faoi faoina raibh le rá ag John Maguire faoi thoghchán na Fraince?

Ceist 5 '… cé gur **<u>theip uirthi</u>**…'

Teip + ar = *fail*

Cuir na briathra frásacha seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú:

- éirigh as
- éirigh le
- tabhair faoi
- cuir faoi
- cuir le
- caith anuas ar
- tar aniar aduaidh ar
- bain le

Ceist 6 Na haimsirí:

1. Cad iad na haimsirí a bhí le cloisteáil sa mhír? Tabhair samplaí.
2. Breac síos gach sampla den saorbhriathar a bhí le cloisteáil inti.
3. Bain úsáid as an mbriathar 'aontaigh' agus 'cuir' chun na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a chur in iúl.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do na foghlaimeoirí a bhfuil ar eolas acu faoin dá scéal nuachta a phlé ina mbeirteanna, sula seinnfidh tú an mhír. Pléigh na scéalta leis an rang iomlán ansin.

Ceist 2

Aireacht Cosanta	*Ministry of Defence*
sibhialtaigh	*civilians*
sáinnithe	*trapped*
monarcha cruach	*steel factory*
cosmhuintir	*common people*
céile comhraic	*opponent*
cumhacht	*power*
an tráth seo	*this time*
an eite chlé	*the left wing*
an tromlach	*the majority*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

éirigh as – *give up, retire*
éirigh le – *succeed*
tabhair faoi – *undertake, try, go about*
cuir faoi – *settle down*
cuir le – *add to*
caith anuas ar – *belittle*
tar aniar aduaidh ar – *surprise*
bain le – *concern, relate to*

Ceist 6

1. An aimsir chaite – d'fhógair, gheall, bhí, srl.; an aimsir láithreach – tá, go bhfuil, roghnaíonn, deir srl.; an aimsir fháistineach – go stopfar, go mbeidh srl.; an modh coinníollach – go n-aontódh, go mbeadh.
2. Go stopfar.
3. D'aontóinn, d'aontófá, d'aontódh sé / sí, d'aontóimis, d'aontódh sibh, d'aontóidís, an aontófá? d'aontófaí; chuirfinn, chuirfeá, chuirfeadh sé / sí, chuirfimis, chuirfeadh sibh, chuirfidís, an gcuirfeá? chuirfí.

Siún Nic Gearailt

Scéal 1

Tá sé ráite ag Aireacht Cosanta na Rúise go bhfuil a gcuid fórsaí chun ligint[1] do shibhialtaigh atá sáinnithe i monarcha cruach iarainn Azovstal in Mariupol, an áit a fhágaint[2]. Deir an Aireacht Cosanta go stopfar den dtrodaíocht[3] chun ligint do shibhialtaigh fágaint agus dul pé treo a roghnaíonn siad. Mar sin féin, deir an Úcráin nach bhfuil aon mhargadh déanta acu leis an Rúis faoi phasáiste sábháilte a chur ar fáil dóibh atá sáinnithe sa mhonarcha. Níos luaithe inniu, d'fhógair Státrúnaí Mheiriceá, Antony Blinken, agus é ar cuairt ar Chív, go bhfuil siad chun cúnamh míleata breise a chur go dtí an Úcráin.

Scéal 2

Gheall Emmanuel Macron go n-aontódh sé an Fhrainc agus go mbeadh sé ina cheannaire don gcosmhuintir go léir, tar éis dó a tharna[4] téarma Uachtaránachta a bhuachtaint[5]. Bhí an lámh in uachtar ag Macron ar a chéile comhraic Marine Le Pen, ag buachtaint 58 faoin gcéad den vóta. Is é Macron an chéad Uachtarán ar an bhFrainc a bhfuil dhá théarma i ndiaidh a chéile buaite aige le breis is fiche bliain.

John Maguire, Iriseoir, Páras

Tá a fhios ag Emmanuel Macron go mbeidh sé deacair an tír a stiúradh. Vótáil beagnach caoga faoin gcéad de na daoine ar a shon chun Marine Le Pen a choinneáil as cumhacht. Cé gur theip uirthi, tá a páirtí níos láidre an tráth seo i gcomparáid le 2017. Agus tá an eite chlé ag lorg tromlaigh sna toghcháin pharlaiminte i mí an Mheithimh ionas go mbeidh post an Phríomh-Aire acu.

[1] ligint = leagan canúnach de 'ligean'
[2] a fhágaint = leagan canúnach de 'fágáil'
[3] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.
[4] tarna = leagan canúnach den fhocal 'dara'
[5] a bhuachaint = leagan canúnach de 'a bhuachan'